



An Clochán Liath: Baile Seirbhíse Gaeltachta

Oifigeach Pleanála Teanga

- Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga do Bhaile Seirbhíse an Chlocháin Léith á thairiscint ag Forbairt na Rosann CTR.

Is é Forbairt na Rosann CTR atá mar Cheanneagraíocht agus atá freagrach as an phlean teanga do BSG an Chlocháin Léith a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon seirbhísí trí Ghaeilge a chuirtear ar fáil ar an bhaile do phobal na Gaeltachta. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh atá á thairiscint a mhairfidh suas le trí bliana agus beidh an té a cheapfar freagrach as chur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Forbairt na Rosann CTR. agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Duine cumasach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Taithí i mbainistiú foireann oibre.
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais.

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Forbairt na Rosann CTR. Beidh taisteal i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu. Ag brath ar an iarrthóir, beidh tuarastal idir €35,000 agus €50,000 ag gabháil leis an phost, ag brath ar thaithí.

Tá na sonraí poist a ghabhann leis an phost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le bainisteoir Forbairt na Rosann CTR ar ríomhphost: ionadtc@yahoo.com

Seoltar iarratas mar aon le Curriculum Vitae, roimh 21. 01.2022 chuig: **An Bainisteoir**, Forbairt Na Rosann, Ionad Theampall Cróine, An Clochán Liath, Co. Dhún na nGall. Teil: 074 9522198 Ríomhphost: ionadtc@yahoo.com